Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Nollaig 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0373(CNS)**

**14379/21**
**ADD 4**

**AG 110**
**INST 423**
**FREMP 277**
**IA 195**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 358 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)<br>- Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin - Achoimre Feidhmiúcháin ar an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair |

[1]

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 358 final.

Faoi iamh: SWD(2021) 358 final

[1] Is ionann an doiciméad seo agus ST 14376/21 ADD4

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
SWD(2021) 358 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**
**TREOIR ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)**

**Togra le haghaidh**
**TREOIR ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos socruithe sonracha a bhaineann le cearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh an Aontais a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (athmhúnlú)**

{COM(2021) 732 final} - {COM(2021) 733 final} - {SEC(2021) 576 final} - {SWD(2021) 357 final}

**Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)**

Measúnú tionchar ar chearta toghchánacha saoránach soghluaiste de chuid an Aontais

## A. An gá atá le beart

### Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?

Faoi dhlí an Aontais, maidir le saoránaigh den Aontas atá ina gcónaí, ag staidéar etc. i dtír san Aontas ach nach náisiúnaigh dá cuid iad ('saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais') tá siad i dteideal vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin chuig Parlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhardasacha sa tír sin faoi réir na gcoinníollacha céanna le daoine ar náisiúnaigh iad.

Mar sin féin, ní dhéanann ach líon sách íseal dóibh amhlaidh, ar chúiseanna éagsúla:

- ní bhíonn daoine ar an eolas faoi na cearta sin i gcónaí agus bíonn fadhbanna acu go fóill faisnéis chruinn a fháil maidir le nósanna imeachta riaracháin.
- bíonn drogall orthu clárú mar gheall ar an ualach a bhaineann le próisis agus an riosca go ndéanfaí iad a dhíchlárú ó thoghcháin ina dtír thionscnaimh.
- bíonn deacrachtaí ag údaráis náisiúnta go fóill maidir le hilvótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chosc, mar gheall ar dheacrachtaí le faisnéis a chomhroinnt chun vótálaithe agus iarrthóirí atá cláraithe níos mó na uair amháin a shainaithint.

Ós rud é go bhfuil méadú tagtha ar líon na saoránach den Aontas atá ina gcónaí i dtír eile san Aontas, beidh tuilleadh tábhachtacha leis na fadhbanna sin, de réir mar a bheidh tionchar acu ar sciar níos mó de shaoránaigh den Aontas, sciar atá ag dul i méid de réir a chéile.

### Cad é ba cheart a bhaint amach?

Leis an tionscnamh seo, tugtar aghaidh ar na deacrachtaí sin trí na rialacha a thabhairt cothrom le dáta, a shoiléiriú agus a neartú, chun a áirithiú go gcuidíonn siad leis an oiread saoránach soghluaiste de chuid an Aontais is féidir a bheith rannpháirteach i dtoghcháin, agus sláine na dtoghchán iad féin á cosaint.

Go sonrach, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh:

- na nósanna imeachta maidir le clárú ar rolla na dtoghthóirí mar vótálaí agus mar iarrthóir a shimpliú;
- cur le feasacht agus tuiscint na saoránach dá ndéantar difear maidir lena gcearta toghchánacha, agus na próisis riaracháin ghaolmhara;
- na féidearthachtaí atá ann maidir le hilvótáil i dtoghcháin Eorpacha a laghdú;
- na féidearthachtaí atá ann go ndéanfaí saoránaigh dá ndéantar difear a dhíchlárú ó thoghcháin ina dtír tionscnaimh a laghdú;
- feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir le toghcháin bhardasacha agus toghcháin do Pharlaimint na hEorpa; agus
- rialacha atá as dáta agus rialacha atá imithe i léig (e.g. de thoradh Brexit) a leasú.

### Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?

Na cearta toghchánacha atá i gceist, leagtar amach iad sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas Eorpach. Tá idir rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta i gceist leis an gcreat dlíthiúil i dtaca leis na cearta sin a fheidhmiú. Ós rud é go bhfuil gnóthaí trasteorann lasmuigh de réimse Ballstát aonair, ní féidir le tíortha a ghníomhaíonn ar bhonn aonair aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh.

## B. Réitigh

### Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?

Sa Mheasúnú Tionchair, rinneadh scrúdú ar dhá rogha bheartais. Cuireann an dá cheann acu réimse bearta féideartha i láthair chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna:

- **Rogha 1** – is é is aidhm di na rialacha atá ann cheana a dhaingniú agus a shoiléiriú. Féachtar leis sin a dhéanamh trí athruithe spriocdhírithe i réimsí inar sainaithníodh fadhbanna.
- **Rogha 2** – tugtar isteach léi sraith bearta arb é is aidhm dóibh na Treoracha a athchóiriú. Is é is aidhm di príomhghnéithe an phróisis thoghchánaigh a chomhchuibhiú ó Bhallstát go chéile.

Cé gur cosúil gurb í rogha 2 is éifeachtaí, is í rogha 1 ár rogha thosaíochta, ar chúiseanna éifeachtúlachta, comhleanúnachais,

coimhdeachta agus comhréireachta.

## Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Chuir na páirtithe leasmhara i gcoitinne in iúl go dtacaíonn siad, ar an mórgóir, leis an tionscnamh seo. Chuir saoránaigh agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha béim ar an ngá le faisnéis shoiléir inrochtana maidir le próisis chlárúcháin agus vótála agus ar an ngá le teorainn le díchlárú ainneonach. Is suim leis na húdaráis náisiúnta tuilleadh feabhas a chur ar an bpróiseas i dtaca le sonraí maidir le vótálaithe a mhalartú, chun an ilvótáil a chosc, agus ar an tacaíocht le haghaidh údaráis áitiúla agus a áirithiú an tráth céanna go bhfuil an méid sin comhsheasmhach le beartais agus ionstraimí eile de chuid an Aontais.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

## Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Leis an gcur chuige sin, bheadh an próiseas clárúcháin níos éasca le haghaidh vótálaithe agus iarrthóirí, agus bheadh sé níos éasca do shaoránaigh den Aontas atá ina gcónaí i dtír eile san Aontas chomh maith rochtain a fháil ar fhaisnéis i ndáil le toghcháin bhardasacha agus toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Neartaítear leis na Treoracha atá ann cheana féin chun cur chuige fadréimseach a áirithiú, cur chuige a thugann aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh agus a bhaineann an tionchar uasta amach, agus cumhachtaí náisiúnta ar ábhair thoghcháin á n-urramú an tráth céanna.

## Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Ní chuireann an togra seo aon ualach breise airgeadais ná riaracháin ar an Aontas ná ar bhuiséad an Aontais.

## Cén tionchar a imreofar ar FBManna (fiontair bheaga agus mheánmhéide) agus ar an iomaíochas?

Go ginearálta, meastar go mbeidh tionchair dhearfacha indíreacha níos leithne ar an ngeilleagar ag gach rogha, toisc go dtacaíonn siad le saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas agus le lánpháirtiú na ndaoine sin a bhogann ina mBallstát ósta. Meastar, áfach, nach mbeidh tionchar suntasach ar FBManna.

## An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Faoin rogha thosaíochta, bheadh roinnt costais riaracháin sa bhreis i gceist le haghaidh údaráis náisiúnta, idir chostais aonuaire agus chostais athfhillteacha, chun comhar feabhsaithe a éascú agus saoránaigh den Aontas a bhogann chuig Ballstát eile a chur ar an eolas.

Tá coinne leis, áfach, go ndéanfar na costais sin a fhritháireamh leis na héifeachtúlachtaí fadtéarmacha a chruthófar le haghaidh na n-údarás agus na saoránach de bharr próisis níos éifeachtúla.

## An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Beidh daoine a fheidhmíonn a gceart bogadh go Ballstát eile in ann a bheith rannpháirteach go daonlathach sa tír sin.

## Comhréireacht?

Ba cheart do ghníomhaíocht chomhréireach de chuid an Aontais a áirithiú:

- gur féidir le saoránaigh den Aontas a bhogann go Ballstát eile a gcearta daonlathacha a fheidhmiú go héifeachtach i dtoghcháin. Chun é sin a bhaint amach, is gá creat an Aontais atá ann cheana lena rialaítear na cearta sin a shoiléiriú.
- go laghdófar na deiseanna ilvótála i dtoghcháin Eorpacha, rud a chuirfidh le sláine na dtoghchán sin.

## D. Iarobair

## Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

Chuirfí ceanglais thráthrialta um fhaireacháin agus um thuairisciú maidir leis an gcur chun feidhme ag na húdaráis náisiúnta leis:

- **Treoir 93/109/CE** – tuarascáil tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.
- **Treoir 94/80/CE** – tuarascáil gach 5 bliana.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm an dá Threoir agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a bhaint amach laistigh de 2 bhliain tar éis thoghcháin 2029 do Pharlaimint na hEorpa.